# An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis
**Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath**

# Tuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009

**An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis**
**Ionad Eolaíocht Sláinte**
**Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
**Belfield**
**Baile Átha Cliath 4**
**Éire**

**Tel: (01) 7165555**
**Fax: (01) 7165511**

# CLÁR NA nÁBHAR

**Leathanach :**

BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILEACHT AR BHÓITHRE 1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILEACHT AR BHÓITHRE 2
1. Anailís ar Alcól san Fhuil nó san Fhual 2
1.1 Líon na Samplaí a Cuireadh ar Fáil in Ospidéil 2
1.2 Anailís Ama 2
1.3 Meánleibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail 2
1.4 Dhá Uair Thar an Teorainn Dhlíthiúil 3
1.5 Leibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail 3
2. Anailís ar Alcól san Anáil 8
2.1 Suiteáil Uirlisí 8
2.2 Tástálacha & Cuairteanna chuig Stáisiúin na nGardaí 8
2.3 Oiliúint ar Thástáil Fhianaiseach Anála 8
2.4 Meánleibhéal Alcóil san Anáil 8
2.5 Dhá Uair Thar an Teorainn Dhlíthiúil 8
2.6 Scagadh Cois Bóithre ar Alcól san Anáil 8
2.7 Anailís ar Shamplaí Anála 9
3. Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhuil 11
4. Sainseirbhísí Gairmiúla & Freastal Cúirte 12
BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT 12
COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL AN FHOIREANN ORTHU LE LINN 2009 13
CEAPACHÁIN FOIRNE IN 2009 17
RIALACHAS CORPARÁIDEACH 17
1. Comhlíonadh 17
2. Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró 18
3. Leasanna an Bhoird 18
4. An Coiste Iniúchta 18
5. Soláthar 18
6. Táillí Boird 18
AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997 19
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ IMHEÁNACH AIRGEADAIS 19
SAORÁIL FAISNÉISE 20

# BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá an fhreagracht as tástáil cheimiceach ar mheiscigh i dtiomáint in Éirinn faoin Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar comhlacht corparáideach é a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an 22 Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair i ndiaidh an Ordaithe um Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a aistriú 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 –2007 agus a rialacháin agus áirítear leo:

- Fáil agus anailís ar mheiscigh samplaí d'fhuil agus d'fhual a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró.
- Deimhniúcháin anailíse a eisiúint.
- Trealamh a sholáthar le haghaidh meiscigh fhola agus fhuail a ghlacadh nó a sholáthar.
- Trealamh nó gaireas a thaispeánann an alcól san anáil a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil.
- Trealamh nó gaireas a dhéanann an tiúchán alcóil san anáil amach a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil.
- Taighde ar alcól agus ar dhrugaí maidir le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna leis an méid alcóil nó drugaí atá i gcoirp duine a dhéanamh amach agus an eipidéimeolaíocht a bhaineann le tiomáint faoi bhrí meisceach.

Faigheann an Biúró a chuid airgeadais ó Dheontas Bliantúil amach as an Vóta le haghaidh na Roinne Iompair. Ceapann an tAire Iompair an Bord, ar a bhfuil cúig chomhalta (an Stiúrthóir san áireamh). Is iad na comhaltaí Boird ná an tOllamh Cecily Kelleher (Cathaoirleach), an tOllamh Denis A. Cusack (Stiúrthóir), an tUasal Declan Hayes, an tUasal Philip Joyce agus an Dr. Niall McNamara.

Úsáideann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an t-áitreabh agus an fhoireann a sholáthraítear faoi chomhaontú le hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, an Scoil Mhíochaine agus Eolaíocht Mhíochaine, an Lárionad um Eolaíochtaí Sláinte, Belfield, Baile Átha Cliath 4. Tá Ard-Anailísí amháin, trí Phríomh-Anailísí, cúig Anailísí Shinsearacha, ocht Anailísí, Oifigeach Teicniúil Sinsearach amháin, Oifigeach Teicniúil amháin, dhá Fhreastalaí Saotharlainne, dhá Fhreastalaí Fáiltithe, Oifigeach Riaracháin Sinsearach amháin, Oifigeach Riaracháin amháin, trí Chúntóir Feidhmiúcháin Shinsearacha agus trí Chúntóir Feidhmiúcháin fostaithe ag an mBiúró faoi láthair. Tá an Stiúrthóir freagrach as gnáthbhainistíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

In 2009 rinneadh anailís ar iomlán de 15,989 sampla fola, fuail agus anála le haghaidh tiúchán alcóil. Is ionann é seo agus laghdú foriomlán de 14.5% ar líon iomlán na samplaí ar a ndearnadh anailís le linn 2008. Taispeánann Cairt 1 miondealú ar na samplaí fola, fuail agus anála ar a ndearnadh anailís le linn 2009 agus sa tréimhse deich mbliana roimhe sin. Rinneadh anailís ar 1,980 le haghaidh drugaí agus is ionann é seo agus méadú de 6.1% ar 2008.

Rinneadh gníomhaíochtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a rangú isteach sna cúig phríomhchlár seo a leanas don tuarascáil seo:

1. **Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual**
2. **Anailís ar Alcól san Anáil**
3. **Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual**
4. **Taighde – Ag Tiomáint faoi Bhrí Meisceach**
5. **Sainseirbhísí Gairmiúla agus Freastal Cúirte**

Is é seo a leanas an miondealú:

## 1. Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual

Fuarthas iomlán de 5,355 sampla fola agus fuail lena n-anailisiú le linn 2009. Rinneadh anailísí agus eisíodh deimhniúcháin i 5,226 de na cásanna seo. I 129 (2.4%) de na cásanna níor eisíodh deimhniúcháin de bhrí go raibh fabht éigin sa sampla nó sna doiciméid a bhí ag gabháil leis. Léiríonn an líon de shamplaí fola agus fuail a fuarthas in 2009 laghdú de 10.9% ar an líon a fuarthas le linn 2008.

### 1.1 Líon na Samplaí a Cuireadh ar Fáil in Ospidéil

In 2009 cuireadh 322 sampla ar fáil in ospidéil agus is ionann é seo agus méadú de 1.3% ar 2008. Bhí tiúcháin alcóil sa bhreis ar 150mg/100ml d'fhuil nó 267mg/100ml d'fhual i 24.8% dóibh seo.

### 1.2 Anailís Ama

As iomlán líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas cuireadh 73% acu ar fáil idir na huaireanta 9.00 p.m. agus 6.00 a.m., 12.8% idir 4.00 p.m. agus 9.00 p.m., agus an 14.2% eile idir 6.00 a.m. agus 4.00 p.m. Leanann sé seo patrún cosúil le 2008 agus 2007.

### 1.3 Meánleibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail

Ba é an meánleibhéal alcól san fhuil ná 125mg/100ml.
Ba é an meánleibhéal alcól san fhual ná 130mg/100ml.


## 1.4 Dhá Uair Thar an Teorainn Dhlíthiúil

Le linn 2009 bhí 1,729 sampla deimhnithe a bhí dhá uair nó níos mó ná sin thar an teorainn dhlíthiúil. Is ionann an figiúr seo agus 33.1% de líon iomlán na samplaí deimhnithe.


## 1.5 Leibhéil Alcóil i Samplaí Fola & Fuail

Tugann Táblaí I agus II a ghabhann leis an tuarascáil seo miondealú ar thiúcháin alcóil i samplaí fola agus fuail a fuarthas le linn 2009. Déanann Táblaí III agus IV comparáid ar an leibhéil fola agus fuail le blianta roimhe sin. Comhfhreagraíonn Cairteanna 2 agus 3 do Thháblaí I agus II agus comhfhreagraíonn Cairteanna 4 agus 5 do Thháblaí III agus IV faoi seach. Tugadh tástáil alcóil éigeantach isteach i mí Iúil 2006.


Cairt 1
LÍON IOMLÁN na nEISEAMAL A nDEARNA an M.B.R.S ANAILÍS ORTHU SA TRÉIMHSE 1999 – 2009



## CAIRT 2
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ FOLA A FUARTHAS IN 2009




## CAIRT 3
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE I SAMPLAÍ FUAIL A FUARTHAS IN 2009




## TÁBLA I
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE NA SAMPLAÍ FOLA A FUARTHAS IN 2009

| Mg. d' Alcól in aghaidh100ml d'Fhuil | An Chéad Ráithe | An Dara Ráithe | An Tríú Ráithe | An Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 – 80** | 240 | 265 | 223 | 198 | **926** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **81 - 100** | 48 | 39 | 34 | 45 | **166** |
| **101 - 150** | 137 | 161 | 148 | 143 | **589** |
| **151 - 200** | 155 | 155 | 157 | 138 | **605** |
| **201 & os a Chionn** | 154 | 152 | 166 | 142 | **614** |


## TÁBLA II
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE NA SAMPLAÍ FUAIL A FUARTHAS IN 2009

| Mg. d' Alcól in aghaidh100ml d'Fhual | An Chéad Ráithe | An Dara Ráithe | An Tríú Ráithe | An Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 - 107** | 274 | 278 | 256 | 211 | **1,019** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **108 - 135** | 34 | 39 | 49 | 39 | **161** |
| **136 - 200** | 94 | 115 | 127 | 100 | **436** |
| **201 - 267** | 103 | 105 | 111 | 91 | **410** |
| **268 & os a Chionn** | 71 | 86 | 81 | 62 | **300** |

**Cairt 4**
**LEIBHéIL ALCóIL SAN FHUIL LE BLIANTA ROIMHE SIN**




**Cairt 5**
**LEIBHéAL ALCóIL SAN FHUAL I mBLIANTA ROIMHE SIN**



## TÁBLA III
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUIL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN

| Mg. d'Alcól in aghaigh 100ml d'Fhuil | 2009 | | 2008 | | Tréimhse 5 Bl. 2003-2007 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 - 80 | 926 | 31.9 | 943 | 28.6 | 2,166 | 16.5 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 81 - 100 | 166 | 5.7 | 197 | 6.0 | 785 | 6.0 |
| 101 - 150 | 589 | 20.3 | 677 | 20.5 | 2,669 | 20.3 |
| 151 - 200 | 605 | 20.9 | 759 | 23.0 | 3,600 | 27.4 |
| 201 & os a Chionn | 614 | 21.2 | 724 | 21.9 | 3,927 | 29.8 |

## TÁBLA IV
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUAL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN

| Mg. d'Alcól in aghaidh 100ml d'Fhual | 2009 | | 2008 | | Tréimhse 5 bliana 2003-2007 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 - 107 | 1,019 | 43.8 | 1,091 | 42.8 | 2,097 | 22.6 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 108 - 135 | 161 | 6.9 | 169 | 6.6 | 695 | 7.5 |
| 136 - 200 | 436 | 18.7 | 487 | 19.1 | 2,054 | 22.1 |
| 201 - 267 | 410 | 17.6 | 452 | 17.7 | 2,517 | 27.1 |
| 268 & os a Chionn | 300 | 12.9 | 352 | 13.8 | 1,926 | 20.7 |

## 2. Anailís Alcóil san Anáil

In 2009 glacadh 10,634 sampla anála i Stáisiúin na nGardaí, agus is é seo laghdú de 16.3% ar 2008. Rinneadh 9,722 de na samplaí a dheimhniú bhí 72.7% os cionn na teorann dlíthiúla. As líon iomlán na dtástálacha anála cláraithe, níor soláthraíodh ráiteas faoi Alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre maidir le 912 tástáil.

### 2.1 Suiteáil Uirlisí

Is é líon iomlán na nUirlisí a suiteáladh i Stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre na seasca a ceathair fós.

### 2.2 Tástálacha & Cuairteanna go dtí Stáisiúin na nGardaí

Thug eolaithe ón mBiúró cuairt ar stáisiúin na nGardaí agus thástáil siad gach uirlis a suiteáladh i stáisiúin na nGardaí roimhe sin dhá uair ar a laghad le linn 2009. Tá os cionn seachtó cuairt tugtha ag eolaithe ón mBiúró ar shuíomhanna uirlisí TFA ar fud na hÉireann i rith na bliana. Chlúdaigh na cuairteanna seo tástáil, cothabháil, agus iniúchtaí arna n-ordú ag an gcúirt.

### 2.3 Oiliúint ar Thástáil Fhianaiseach Anála

Leanadh den chúrsa TFA dhá lá a ceapadh le hoiliúint a chur ar Oibreoirí agus ar Mhaoirseoirí Garda le linn 2009. Ba é eolaí de chuid an Bhiúró agus ball de scoil oiliúna inseirbhíse an Gharda Síochána a athlonnaíodh as Cearnóg Fhearchair go dtí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a stiúir na cúrsaí.

Tionóladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas le linn 2009:

- Ocht gCúrsa Oiliúna le haghaidh Oibreoirí
- Ceithre Chúrsa Oiliúna le haghaidh Maoirseoirí

### 2.4 Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é an meánleibhéal alcóil san anáil ná 52µg/100ml.

### 2.5 Dhá uair thar an Teorainn Dhlíthiúil

Bhí 22.3% de líon na samplaí anála a cuireadh ar fáil dhá uair thar an teorainn dhlíthiúil.

### 2.6 Scagadh Cois Bóthair ar Alcól san Anáil

Lean an Biúró de thacaíocht a thabhairt do ghléasanna leictreacha Draeger 6510 agus de ghléasanna ‘blow in the bag’ Draeger Alcotest 80A a eisiúint chuig na Gardaí.

Ó bhí 2005 ann cheannaigh an Biúró iomlán de 1,187 gléas leictreach cois bóthair Draeger. Go dtí seo cailleadh nó scriosadh 175(14.7%) de na gléasanna seo. Déantar sa bhreis ar 84% de ghléasanna a eisiúint chuig na Gardaí ag am ar bith.


## 2.7 Anailís ar Shamplaí Anála

Sholáthair Cairt 6 agus Tábla V miondealú ar leibhéil alcóil a tomhasadh san anáil in 2009. Déanann Tábla VI comparáid ar na leibhéil alcóil i samplaí anála a fuarthas in 2009 le leibhéil a fuarthas in 2008.

### TÁBLA V
### CION ALCÓIL DEIMHNITHE DE SHAMPLAÍ ANÁLA A CUIREADH AR FÁIL IN 2009

| Mg. d' Alcól in aghaidh100ml d'Fhual | An Chéad Ráithe | An Dara Ráithe | An Tríú Ráithe | An Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 - 35** | 632 | 679 | 725 | 616 | **2,652** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **36 – 44** | 305 | 328 | 330 | 298 | **1,261** |
| **45 – 66** | 784 | 798 | 807 | 731 | **3,120** |
| **67 – 88** | 516 | 533 | 453 | 447 | **1,949** |
| **89 & os a Chionn** | 177 | 213 | 196 | 154 | **740** |

### Cairt 6
### CION ALCÓIL DEIMHNITHE DE SHAMPLAÍ ANÁLA AR A nDEARNADH ANAILÍS IN 2009




µg d'alcól in aghaidh 100ml d'anáil

## TÁBLA VI
## COMPARÁID AR LEIBHÉAL ALCÓIL SAN ANÁIL LE BLIANTA ROIMHE SIN

| µg d'alcól in aghaidh 100ml d'Anáil | 2009 | | 2008 | | Tréimhse 5 bliana 2003 - 2007 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 - 35 | 2,652 | 27.3 | 2,898 | 25.2 | 10,320 | 21.7 |
| TEORAINN DHLÍTIÚIL | | | | | | |
| 36 – 44 | 1,261 | 13.0 | 1,530 | 13.3 | 5,464 | 11.5 |
| 45 – 66 | 3,120 | 32.1 | 3,782 | 32.9 | 16,213 | 34.0 |
| 67 – 88 | 1,949 | 20.0 | 2,401 | 20.9 | 11,385 | 23.9 |
| 89 & os a Chionn | 740 | 7.6 | 890 | 7.7 | 4,227 | 8.9 |

## TÁBLA VII
## COMPARÁID AR LEIBHÉIL ALCÓIL I SHAMPLAÍ FOLA, FUAIL & ANÁLA LE BLIANTA ROIMHE SIN

| Cion Alcóil | | | 2009 | | 2008 | | Tréimhse 5 bliana 2003- 2007 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FUIL mg/100ml | FUAL mg/100ml | ANÁIL µg/100ml | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 – 80 | 0 – 107 | 0 – 35 | 4,597 | 30.8 | 4,932 | 28.4 | 14,583 | 20.8 |
| TEORAINN DHLÍTHIÚIL | | | | | | | | |
| 81-100 | 108 – 135 | 36 – 44 | 1,588 | 10.6 | 1,896 | 10.9 | 6,944 | 9.9 |
| 101 – 150 | 136 – 200 | 45 – 66 | 4,145 | 27.7 | 4,946 | 28.5 | 20,936 | 29.9 |
| 151 – 200 | 201 – 267 | 67 – 88 | 2,964 | 19.8 | 3,612 | 20.8 | 17,502 | 25 |
| 201 agus níos airde | 268 agus níos airde | 89 agus níos airde | 1,654 | 11.1 | 1,966 | 11.4 | 10080 | 14.4 |

Taispeánann Tábla VII an chomparáid idir 2009 agus 2008 i ndáil le torthaí deimhnithe de shamplaí fola, fuail agus anála a fuarthas lena n-anailísiú agus leis an tréimhse cúig bliana roimhe sin.

## 3. Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual


Déanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anailís ar shamplaí fola agus fuail le fáil amach an bhfuil drugaí iontu faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (DUID).

Déanann an Biúró anailís maidir le seacht ndruga éagsúla nó aicmí druga ag úsáid teicníc imdhíon-mheasa (ELISA) agus déantar anailís dheimhnithe ag úsáid Crómatagrafaíocht Gháis / Mais-Speictriméadrachta (GC/MS) nó Crómatagraíocht Leachta (LC/MS). Cuireadh samplaí a fuarthas dearfach sna tástálacha ar aghaidh chuig Saotharlann Chógaslann an Rialtais (LGC) le hanailís dheimhnithe a dhéanamh orthu.


Fuarthas iomlán de 1,980 sampla fola agus fuail lena n-anailísiú le linn 2009. Deimhníodh 1,444 (73%) sampla le fáil amach an raibh druga nó drugaí iontu, deimhníodh 1,444 (73%) agus ní bhfuarthas druga ar bith iontu agus níor deimhníodh 2 (0.1%) de shamplaí de bharr cúiseanna teicniúla.

Is é seo méadú de 6.1% ar líon na samplaí DUID a tástáladh in 2008. Áiríodh leis seo na samplaí ar fad a fuarthas a bhí faoin teorainn dhlíthiúil maidir le halcól agus 44 samplaí áit a raibh an leibhéal alcóil thar an teorainn dhlíthiúil agus dá n-iarr na Gardaí anailís druga. Bhí 3 shampla ann fosta inar ndearnadh anailís ar alcól trí thástáil fhianaiseacha ar alcól san anáil agus dá n-iarr na Gardaí anailís ar dhrugaí.

**Cairt 7**
**ANAILÍS AR DHRUGAÍ – TÁSTÁIL TOSAIGH 2009**



## Cairt 8
## ANAILÍS AR DHRUGAÍ – TÁSTÁIL DHEIMHNITHE 2009




### 4. Sainseirbhísí Gairmiúla agus Freastal Cúirte

Ba é an líon iomlán uaireanta a raibh gá le baill éagsúla d'fhoireann an Bhiúró sainfhainaise ghairmiúil shaineolaíoch a chur ar fáil i gcásanna cúirte le linn na bliana ná fiche a naoi, lenar bhain cúig cinn acu le hanailís ar alcól san fhuil agus san fhual. Dúshláin dlí a bhí i ndeich gcinn acu i ndáil le Tástáil Fhianaiseach Anála agus bhain ceithre cinn déag acu le hanailís ar dhrugaí. Bhí baill foirne ar fuireachas le freastal ar an gcúirt cúpla uair ach ní raibh siad de dhíth.

Leanann an Biúró de shaintacaíocht ghairmiúil neamhspleách a chur ar fáil le cuidiú leis na cúirteanna leis an gceartas a riaradh. Bhí líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas le haghaidh faisnéise ó pháirtithe in imeachtaí coiriúla cosúil leis na líonta do 2008.

## BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá an Stiúrthóir ina chomhalta de chuid Phainéal Comhairleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus d'fhreastail sé ar chruinniú an 2 Aibreán 2009.

# COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL AN FHOIREANN ORTHU LE LINN 2009

1. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar Chúrsa Oiliúna Lae ar Intoxilyzer 6000IRL an 19 Eanáir in Cardiff, an RA.

2. D'fhreastail an Stiúrthóir agus an Ard-Anailísí ar Chomhdháil lae Chumann Pobal-Liachta na hÉireann / Chumann Pobal-Liachta Thuaisceart Éireann i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath an 27 Eanáir 2009.

3. D'fhreastail dhá Phríomh-Anailísí ar Chruinniú lae um Líonra Tocsaineolaíochta Fóiréinsí an RA agus na hÉireann an 30 Eanáir 2009 i Londain, an RA.

4. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar Cúrsa Oiliúna Lae ar Draeger 6510 an 11 Feabhra 2009 in Newcastle, an RA.

5. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chruinniú leath lae um Líonra Tocsaineolaíochta Fóiréinsí an RA agus na hÉireann an 26 Márta 2009 i nGlaschú, an RA.

6. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chruinniú lá go leith um Líonra Tocsaineolaíochta Fóiréinsí an RA agus na hÉireann an 26 agus 27 Márta 2009 i nGlaschú, an RA.

7. D'fhreastail dhá Anailísí Shinsearacha ar Chúrsa dhá lá ar Thorthaí a Bhaint Amach Trí Dhaoine an 31 Márta agus 7/26 Bealtaine 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

8. D'fhreastail Anailís ar Chúrsa sé lá Borkenstein ar éifeachtaí drugaí ar fheidhmíocht agus iompar an duine ó 5 – 10 Aibreán 2009 in Indiana, SAM.

9. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinniú Phainéal Comhairleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre an 2 Aibreán 2009 ar feadh leath lae i mBaile Átha Cliath.

10. D'fhreastail Príomh-Anailís agus dhá Anailísí Shinsearacha ar Chúrsa Oiliúna dhá lá ar Bhithchórais Fheidhmithe LCMS (Q trap 4000) an 15 agus 16 Aibreán 2009 san MBRS, UCD.

11. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Lae ag an Dámh um Míochaine Shaothair, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath an 24 Aibreán 2009.

12. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar Chúrsa Oiliúna leath lae ar Bhithchórais Fheidhmithe LC-MS an 27 Aibreán 2009 san MBRS, UCD.

13. D'fhreastail Anailísí Sinsearach, ceithre Anailísí agus Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar Chúrsa Oiliúna ar Chrómatagrafaíocht Gháis *Headspace* ar feadh dhá lá an 28 agus 29 Aibreán 2009 san MBRS, UCD.

14. D'fhreastail dhá Anailísí Shinsearacha ar Chúrsa ar Fabhtcheartú HPLC trí Theicneolaíocht Mason an 5 Bealtaine, san MBRS, UCD.

15. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil dhá lá ag an Dámh um Míochaine Fhóiréinseach & Dhlíthiúil, an Coláiste Ríoga Lianna i Londain an 8 & 9 Bealtaine 2009.

16. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa seachtaine Borkenstein ar Alcól agus Shábháilteacht ar an Mórbhealach: Tástáil, Taighde agus Dlíthíocht ó 8 – 16 Bealtaine 2009 in Indiana, SAM.

17. D'fhreastail an tArd-Anailísí, Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar Chruinniú Chumann Mais-speictriméadrachta na hÉireann (IMSS) an 13 Bealtaine ar feadh lá amháin i mBaile Átha Cliath.

18. D'fhreastail cúig Anailísí, Oifigeach Teicniúil agus dhá Chúntóir Feidhmiúcháin ar Chúrsa Oiliúna ar Scileanna i Seomra na Cúirte san MBRS, UCD.

19. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil trí lá de chuid an Ríoga Náisiúnta um Míochaine Dhlíthiúil an 28, 29 agus 30 Bealtaine i Liospóin, an Phortaingéil.

20. D'fhreastail Anailísí Sinsearach, sé Anailísí, Oifigeach Teicniúil agus ceithre Chúntóir Saotharlainne agus Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Chúrsa lae ar Shábháilteacht Gháis an 27 Bealtaine san MBRS, UCD.

21. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chruinniú lae um Líonra Tocsaineolaíochta Fóiréinsí an RA agus na hÉireann an 5 Bealtaine in Bournemouth, an RA.

22. D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar Chúrsa lae ar Dhea-Chleachtas Meáite an 9 Meitheamh in Óstán Clarion, Gleann na Life, Baile Átha Cliath.

23. D'fhreastail Príomh-Anailísí agus dhá Anailísí Shinsearacha ar Chúrsa LCMS ar feadh trí lá ó 9 Meitheamh go dtí 11 Meitheamh 2009 san MBRS, UCD.

24. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar Clár Forbartha leath lae d'Fhoireann Teicniúil Ollscoile an 15 Meitheamh 2009 in DIT, Baile Átha Cliath.

25. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Oifigeach Teicniúil Sinsearach ar Chlár Forbartha lá go leith d'Fhoireann Teicniúil Ollscoile an 15 agus 16 Meitheamh a tionóladh in DIT, Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath.

26. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar an CEN TC/367 ar Chruinniú ar Ghléasanna Scagthóirí Anála ar feadh dhá lá ar an 15 agus 16 Meitheamh 2009 in AFNOR, Páras, an Fhrainc.

27. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinniú Phainéal Comhairleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar feadh leath lae an 30 Meitheamh 2009 i mBaile Átha Cliath.

28. D'fhreastail Cúntóir Saotharlainne ar Chúrsa leath lae ar Bhainistíocht Ama an 6 Iúil 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

29. D'fhreastail dhá Anailís agus Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Chúrsa Rochtana ar feadh dhá lá an 20 agus 21 Iúil 2009 in *Sure Skills*, Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath.

30. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa Oiliúna lae ar Bhithchórais Fheidhmithe LS-MS an 18 Lúnasa 2009 san MBRS, UCD.

31. D'fhreastail an tArd-Anailísí ar Chumann Idirnáisiúnta ceithre lá de chuid Chomhdháil na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha ó 23 Lúnasa – 27 Lúnasa 2009 a tionóladh sa Ghinéiv.

32. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil agus dhá Chúntóir Saotharlainne ar Cúrsa B.M.S lá go leith an 10 agus 11 Meán Fómhair 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

33. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chruinniú lae um Líonra Tocsaineolaíochta Fóiréinsí an RA agus na hÉireann an 11 Meán Fómhair 2009 in Sheffield, an RA.

34. D'fhreastail Cúntóir Feidhmiúcháin ar Réamhchúrsa Rochtana ar feadh dhá lá an 14 agus 15 Meán Fómhair 2009 in *Sure Skills,* Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath.

35. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar an gCruinniú OIML R126 ar feadh dhá lá an 17 agus 18 Meán Fómhair 2009 in NIST, Washington DC, SAM.

36. D'fhreastail Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Chúrsa leath lae ar Airgeadas in UCD an 7 Deireadh Fómhair 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

37. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chúrsa Oiliúna lae ar Bhithchórais Fheidhmithe an 7 Deireadh Fómhair 2009 san MBRS, UCD.

38. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil lae Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa an 12 Deireadh Fómhair 2009 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

39. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil trí lá um Eolaíocht Fhóiréinseach Chumann na Meánmhara an 15, 16 agus 17 Deireadh Fómhair 2009 in Antalya, an Tuirc.

40. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chúrsa dhá lá Chumann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha an 19 agus 29 Deireadh Fómhair 2009 i gCathair Oklahoma, SAM.

41. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Sheimineár ar Bhithchórais Fheidhmithe an 22 Deireadh Fómhair 2009 in Óstán Crowne Plaza, Seantrabh, Baile Átha Cliath.

42. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chomhdháil trí lá Chumann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha an 21, 22 agus 23 Deireadh Fómhair 2009 i gCathair Oklahoma, SAM.

43. D'fhreastail Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Chúrsa Réamhscoir ar feadh dhá lá an 22 agus 23 Deireadh Fómhair 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

44. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chúrsa lae ar Bhainistíocht Tionscadail an 6 Samhain 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

45. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chúrsa lae ar Fhoireann Uirlisí Bainisteoirí an 10 Samhain 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

46. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chúrsa leath lae ar Chumarsáid in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath an 11 Samhain 2009.

47. D'fhreastail Oifigeach Riaracháin Sinsearach ar Chomhdháil Oiliúna lae La Touch ar an Treoir Riachtanach ar Fhorfheidhmiú Rialála in Óstán Fitzwilliam, Baile Átha Cliath an 19 Samhain 2009.

48. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Ardscileanna i gCúrsa Microsoft Access ar feadh lae an 24 Samhain 2009 in *Sure Skills*, Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath.

49. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Oiliúna dhá lá ar Iniúchóir Inmheánach NSAI ISO 9001:2008 an 25 agus 26 Samhain 2009 i Seantrabh, Baile Átha Cliath.

50. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar CEN TC/367 um Chruinniú ar Ghléasanna Scagthóirí Anála ar feadh dhá lá ar an 25 agus 26 Samhain 2009 in AFNOR, Páras, an Fhrainc

51. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chúrsa ar Ardbhainistíocht Tionscadail ar feadh lae an 4 Samhain 2009 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

52. D'fhreastail Príomh-Anailísí, Anailísí agus dhá Chúntóir Feidhmiúcháin ar Chúrsa Oiliúna Paraidímí ar feadh lá an 10 Nollaig 2009 san MBRS, UCD.

## CEAPACHÁIN FOIRNE IN 2009

Lean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre den soláthar foirne agus athstruchtúrú sa Bhiúró a thabhairt isteach de réir a chéile agus a chur i bhfeidhm i rith 2009.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do na caighdeáin is airde de Rialachas Corparáideach a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bonn a úsáideann an Bord um rialachas corparáideach. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair agus don Roinn Airgeadais. Buaileann an Bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as bainistíocht chuí an Bhiúró. Déanann sé cinntí straitéiseacha agus déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíocht riosca agus ar phróisis rialaithe riosca an Bhiúró ar bhonn bliantúil.

### 1. Comhlíonadh

Tá an Bord sásta a thuairisciú gur chloígh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009. Cuireadh iniúchadh inmheánach i gcrích.

## 2. Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró

Le linn 2009 thionóil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ceithre chruinniú. Tionóladh na cruinnithe seo an 26 Márta 2009, an 23 Iúil 2009, an 5 Samhain 2009 agus an 17 Nollaig 2009.

## 3. Leasanna an Bhoird

Ní raibh leasanna ar bith ag an mBord a bhí in oifig ag 31 Nollaig 2009 chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

## 4. Coiste Iniúchta

Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar ghné ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Freastalaíonn comhaltaí an Choiste ar na cruinnithe de ghnáth agus tuairiscíonn sé ar ais chuig an mBord ar bhonn débhliantúil.

## 5. Soláthar

Dearbhaíonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chloígh sé leis na nósanna imeachta soláthair agus na Treoracha AE ábhartha arna leagan amach sa Chód Cleachtas Maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit le linn 2009.

## 6. Sceideal na dTáillí agus na gCostas Comhiomlán a Íocadh le Stiúrthóirí le Linn 2009

Le linn 2009 íocadh na táillí seo a leanas:

| Comhalta Boird | CINEÁL DE THÁILLE | ÍOCTHA |
|---|---|---|
| An tOllamh Cecily Kelleher, Cathaoirleach | Táille le haghaidh Cathaoirligh Feidhmiúcháin as Boird Comhlachtaí Stáit | €9,800 |
| An tUasal Philip Joyce, Comhalta | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin as Boird Comhlachtaí Stáit | €6,533 |
| An Dr. Niall McNamara | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin as Boird Comhlachtaí Stáit | €6,533 |

## ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, tháinig an Lia-Bhord um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Achta agus ón am sin chloígh sé leis na téarmaí faoin Acht. Faoi chomhaontú le hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, íocann an Coláiste na soláthraithe ar dtús agus ansin déanann an Biúró na costais a athchúiteamh. Is é polasaí an Lia-Bhord um Shábháilteacht at Bhóithre ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Ceanglaítear ar Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, mar chomhlacht poiblí, cloí le rialacháin an Achta maidir le híocaíochtaí le soláthraithe le haghaidh earraí agus seirbhísí a sholáthar agus de bhrí sin tá nósanna imeachta an-diana i bhfeidhm.

I gcás líon beag soláthraithe, nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc eiseoidh sé íocaíocht trí sheic go díreach chuig an soláthraí. Ní féidir leis na rialuithe sin maidir le próiseáil sonrasc agus díospóidí ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonta ábhartha ar bith maidir leis an Acht.

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

### Freagracht an Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Chomhaltaí an Lia-Bhord um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil agus a fheidhmiú.
Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialachtaí eile á gcosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am tráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta um Rialú

Tá na príomh-nósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag an Biúró agus tá siad deartha le córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chur ar fáil laistigh den Bhiúró. D'aontaigh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chruinnithe agus tionóladh ceithre cinn acu in 2009.

Leag an Biúró a nósanna imeachta airgeadais agus a chleachtais tarmligin amach le timpeallacht rialaithe thrédhearcach atá oiriúnach do ghníomhaireacht bheag leathstáit a chinntiú. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúchta le linn 2003 le tacú le dearbhú cáilíochta nósanna imeachta airgeadais. Thionóil an Coiste trí chruinniú le linn 2009 agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go sonrach cuimsíonn sé:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Biúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró de thuarascálacha airgeadais thréimhsiúla agus airgeadais a dhéanann feidhmíocht airgeadais in éadan tuartha a léiriú.
- Spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadas oibriúcháin agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Disciplíní báinistíochta tionscadal foirmiúla.

De réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit rinneadh Iniúchóir Inmheánach a cheapadh in 2006. Chuir an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na cuntais le haghaidh 2009 i gcrích.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Rinne an Biúró athbhreithniú ar éifeachtúlacht a chórais um rialú inmheánach airgeadais in 2009.

An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Le linn 2009 fuair an Biúró iarratas amháin.

| **IARRATAIS A FUARTHAS LE LINN 2009** | |
|---|---|
| **Diúltú** | **1** |
| **Aistarraingthe/Déileáladh leis Lasmuigh de FOI** | **0** |
| **Iarratais a Deonaíodh i bPáirt** | **0** |
| **Iomlán na nIarratas** | **1** |

| **ATHBHREITHNITHE** | |
|---|---|
| **Iarratais ar Athbhreithnitheoir Inmheánach** | **1** |
| **Iarratais chuig an gCoimisinéir Faisnéise le hathbhreithniú a dhéanamh** | **1** |

| **IARRTHÓIRÍ 2009** | |
|---|---|
| **An Pobal i gCoitinne** | **0** |
| **Eile** | **1** |

Leanann an Biúró d'fhaisnéis FOI a chur ar fáil chomh éasca agus is féidir. Tá Alt 15 agus 16 de Leabhar Tagartha an Bhiúró ar fáil ar iarratas.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hAonad an FOI chomh maith tríd an teileafón nó trí ríomhphost forensic.medicine@ucd.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist seo a úsáid le haghaidh fiosruithe ginearálta ar FOI ach ní féidir é a úsáid le haghaidh iarratas a chur isteach nuair a bhíonn táille iarratais ag teastáil.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2010